104 Bóthar an Chuain,
Cluain Eo,
Oileán an Ghuail,
Tír Eoghain.
BT71 4PU

Guthán: 028 87749178
Facs: 028 87741101
R-phost: gaelscoiluineill@yahoo.ie

104 Washingbay Road,
Clonoe,
Coalisland,
Tyrone.
BT71 4PU

Phone: 028 87749178
Fax: 028 87741101
Email: gaelscoiluineill@yahoo.ie

07/05/19

A Thuismitheoirí,

Athruithe chuig an Bhiachlár Lóin
Tá brón orainn faoin chur isteach agus an rabhadh luath, ach beidh athrú ann leis an bhiachlár an tseachtain seo:

| An Mháirt 7ú | An Chéadaoin 8ú | An Déardaoin 9ú |
|---|---|---|
| Mionfheoil Blasta<br>Iasc le hArán<br>Pónairí Bacáilte<br>Brocailí<br>Prátaí Bruite agus Súlach<br>Seimilín & Torthaí | Turcaí Rósta le Búiste<br>Meacáin Dhearga<br>Cabáiste<br>Prátaí Bruite agus Súlach<br>Spúinse Sú agus Custard | Curaí Sicín le Rís<br>Píotsa le Sailéad<br>Glasraí Measctha<br>Prátaí Bruite<br>Sceallóga<br>Glóthach agus Torthaí |

An Chéad Chomaoineach Naofa
Cur i gcuimhne deireanach faoin Chéad Chomaoineach Naofa le R4 an Satharn seo. Iarrtar ar dhaltaí R4 agus an chóir an séipéal a bhaint amach faoi 10.45 agus thig na páistí ón chór a thógáil arís ag 12.00pm. Go raibh maith agaibh.

Snámh R4
Mar gheall ar leasuithe i Sólann Dhún Geanainn, beidh muid ag dul chuig an Chorr Chríochach an téarma seo do bhloc ceithre seachtaine. Ar an drochuair, áfach, ní raibh ar fáil ach an seisiún 12.00pm. Beidh lón pacáilte de dhíth ar na páistí ach beidh lón pacáilte bunúsach ann do na daltaí sin a fhaigheann Béilí Scoile Saora. Má tá sé grianmhar, beidh picnic againn sa pháirc i ndiaidh an tsnámha, nó íosfaidh siad ar an bhus muna bhfuil.

Turas R5 go Saotharlann Gúgl
Rachaidh daltaí Rang 5 chuig Saotharlann Gúgl in Price Waterhouse Cooper (PWC) i mBéal Feirst le cur i láthair a dhéanamh den obair a rinne siad le Hive Hackers ar an Aoine seo, 10ú Bealtaine. Beidh Múinteoirí Jayne, Conor agus Lisa leo agus ní mór dóibh éide scoile iomlán a chaitheamh. Ina dhiaidh, le hiarrachtaí na ndaltaí a cheiliúradh, stopfaidh muid ag McDonald's i Sprucefield don lón. Ceannóidh muid Béile Sona nó a mhacasamhail ach tá cead ag na daltaí airgead a thabhairt leo le rud difriúil a cheannach dá mba mhaith leo (uasmhéid £5). Beidh muid ar ais ar scoil roimh am baile. Tabhair faoi deara gur féidir go nglacfaidh PWC grianghraif den imeacht dá bpoiblíocht féin.

Sceideal Dheireadh na Bliana do Rang 7
Bíonn an tríú téarma de R7 i gcónaí gnoitheach, féach sceideal de na himeachtaí atá beartaithe mar eolas duit.

Is mise le meas,
Conor

104 Bóthar an Chuain,
Cluain Eo,
Oileán an Ghuail,
Tír Eoghain.
BT71 4PU

Guthán: 028 87749178
Facs: 028 87741101
R-phost: gaelscoiluineill@yahoo.ie

104 Washingbay Road,
Clonoe,
Coalisland,
Tyrone.
BT71 4PU

Phone: 028 87749178
Fax: 028 87741101
Email: gaelscoiluineill@yahoo.ie

07/05/19

A Thuismitheoirí,

Changes to Lunch Menu

Apologies for the inconvenience and short notice, but there will be a change to this week's dinner menu:

| **Tuesday 7th** | **Wednesday 8th** | **Thursday 9th** |
|---|---|---|
| Savoury Mince<br>Breaded Fish<br>Baked Beans<br>Broccoli<br>Mashed Potatoes & Gravy<br>Semolina & Fruit | Roast Turkey & Stuffing<br>Carrots<br>Cabbage<br>Mashed Potatoes & Gravy<br>Jam Sponge & Custard | Chicken Curry & Rice<br>Pizza Side Salad<br>Mixed Vegetable<br>Mashed Potato<br>Chips<br>Jelly & Fruit |

First Holy Communion

A final reminder about P4 First Holy Communion this Saturday. P4 and choir pupils are asked to arrive at the chapel for 10.45 and pupils from the choir can be picked up again at 12.00pm. Go raibh maith agaibh.

P4 Swimming

Due to renovations in Dungannon Leisure Centre, we will be going to Cookstown Leisure Centre this term for a block of four lessons for P4 pupils. Unfortunately, however, the only available slot was at 12.00pm. The children will therefore require a packed lunch for Friday, although pupils who receive Free School Meals will be provided with a basic packed lunch. If the weather is nice, we will have a picnic in the park after the swim, otherwise the children will have their lunch on the bus.

P5 Trip to Google Lab

Pupils from Primary 5 will visit the Google Lab in Price Waterhouse Cooper (PWC) in Belfast to deliver a presentation of their work as part of the Hive Hackers Programme this Friday, 10th May. They will be accompanied by Múinteoirí Jayne, Conor and Lisa and must wear full school uniform. Afterwards, to celebrate the children's efforts and achievements with this project, we will stop at McDonald's in Sprucefield for lunch. We will provide every child in the class with a Happy Meal or equivalent, but if the children would like to bring money to buy something different they are free to do so (maximum £5). We will return to school before home time. Please note PWC may take photographs of the event for their own publicity purposes.

End-of-Year Schedule for P7

The third term of P7 is always very hectic, so please view the attached timetable of events for your convenience.

Is mise le meas,
Conor